Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9598/23**

**COHAFA 56**
**DEVGEN 93**
**CONUN 119**
**FIN 552**
**RELEX 634**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9282/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar an mbearna sa chistiú daonnúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar an mbearna sa chistiú daonnúil mar a formheasadh iad ag an 3950ú cruinniú den Chomhairle an 22 Bealtaine 2023.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## LENA dTUGTAR AGHAIDH AR AN mBEARNA SA CHISTIÚ DAONNÚIL

1. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur cúis mhór imní di na riachtanais dhaonnúla atá ag méadú go mór ar fud an domhain, tráth ina bhfeictear laghdú ag teacht ar an spás daonnúil, coinbhleacht fhadtréimhseach, polaitiú maidir le cúnaimh, agus leochaileachtaí atá ag dul i méid de dheasca an athraithe aeráide, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta do ghníomhaíocht dhaonnúil atá ar bhonn prionsabail agus atá éifeachtach. Tá cúnamh daonnúil tarrthála de dhíth ar níos mó ná 350 milliún duine ar fud an domhain, ar méadú de 20 % é sin i gcomparáid le 2022 agus 40 % i gcomparáid le 2021. Tá os cionn 100 milliún duine easáitithe le lámh láidir agus 43 mhilliún duine in 51 tír i mbéal an bháis leis an ocras. Tugann an Chomhairle dá haire nach bhfuair achainíocha ar chabhair dhaonnúil a rinneadh le déanaí ar fud an domhain ach leath den chistiú is gá agus cuireann sí i bhfios gur cúis mhór imní di an bhearna atá ag méadú idir na riachtanais mheasta agus an cistiú, lena n-áirítear i ngéarchéimeanna dearmadta.

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur cúis imní di an méid daoine atá ag fulaingt, sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, an bás agus an chailliúint dínite, lena n-áirítear an foréigean i gcoinne sibhialtach agus scriosadh spriocdhírithe agus d'aon ghnó an bhonneagair shibhialtaigh ar fud an domhain, mar shampla san Úcráin de dheasca chogadh foghach na Rúise. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios gur cúis mhór imní di iarmhairtí tubaisteacha an chogaidh ar fud an domhain, toisc gur chuir sé leis an ngéarchéim dhomhanda bhia, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta tacú le slándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus leis an gcothú, lena n-áirítear trí Thionscnamh Gráin na Mara Duibhe de chuid na Náisiún Aontaithe agus trí Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun tacú leis an ngníomhaíocht dhaonnúil ar fud an domhain, mar a léirítear le seoladh an Fhóraim Eorpaigh Dhaonnúil, agus meabhraítear di conclúidí 2021 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais dar teideal 'Dúshláin nua, Na prionsabail chéanna', agus tugann sí dá haire Rún 2021 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le treoirlínte nua do ghníomhaíocht dhaonnúil an Aontais.

4. Cuireann an Chomhairle i dtreis an gá práinneach atá ann aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ag méadú idir riachtanais dhaonnúla agus acmhainní trí iarrachtaí breise a dhéanamh feadh trí shraith idirghaolmhara a threisíonn a chéile: an bonn acmhainní don ghníomhaíocht dhaonnúil a mhéadú agus a leathnú, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais dhaonnúil a fheabhsú, agus riachtanais dhaonnúla a laghdú.

## I. AN BONN ACMHAINNÍ DON GHNÍOMHAÍOCHT DHAONNÚIL A MHÉADÚ AGUS A LEATHNÚ

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá cistiú daonnúil breise a chur ar fáil ar fud an domhain agus struchtúr cistiúcháin níos cothroime a bhaint amach lena mbaintear leas as acmhainní deontóirí traidisiúnta, mar aon le deontóirí atá ag teacht chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, fondúireachtaí daonchairdis, na hearnála príobháidí, chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha eile.

6. Tugann an Chomhairle dá haire an gealltanas ó na Ballstáit maidir le cistiú breise a fháil don chabhair dhaonnúil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an obair chun a áirithiú go gcomhroinnfear an maoiniú daonnúil ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos cothroime idir na Ballstáit agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a thabhairt ina leith sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas comhchoiteann an Aontais 0.7 % ar a laghad den ollioncam náisiúnta comhchoiteann a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt faoi 2030, agus molann sí dá Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí an bhearna sa chistiú daonnúil a dhúnadh trí rannchuidiú ar leibhéal a bheidh i gcomhréir lena n-acmhainní airgeadais, agus a áirithiú go ndíreofar sciar iomchuí, mar shampla 10 %, dá gcúnamh oifigiúil um fhorbairt ar ghníomhaíocht dhaonnúil, ar bhonn na riachtanas daonnúil atá ann cheana.

7. Molann an Chomhairle don Aontas agus dá Bhallstáit an t-idirphlé a fheabhsú agus a bhfor-rochtain a threisiú le tíortha a bhfuil an acmhainneacht eacnamaíoch acu chun freagracht níos mó a ghlacadh as cistiú daonnúil méadaithe agus intuartha atá bunaithe ar riachtanais, go háirithe leo siúd ar tíortha den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus de G20 iad, mar shampla trí ghníomhaíocht dhaonnúil a áireamh go córasach ina n-idirphlé le tríú tíortha agus gnóthaí daonnúla a chur ar chlár oibre cruinnithe déthaobhacha ar gach leibhéal. Is dlúthchuid den fhor-rochtain é an urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus do phrionsabail dhaonnúla a chur chun cinn chun bonn na ndeontóirí a leathnú.

8. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chur chun cinn, lena n-áirítear fondúireachtaí daonchairdis, agus molann sí go ndéanfaí iarrachtaí chun comhpháirtíochtaí a thógáil idir an earnáil dhaonnúil agus an earnáil phríobháideach. Ina theannta sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún féachaint ar bhealaí nuálacha cur chuige maoiniúcháin d'fhonn na geallsealbhóirí leasmhara uile a rannpháirtiú.

## II. ÉIFEACHTACHT AGUS ÉIFEACHTÚLACHT AN CHÓRAIS DHAONNÚIL A FHEABHSÚ

9. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé éifeachtacht agus éifeachtúlacht a áirithiú i gcur ar fáil na cabhrach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus dearbhaíonn sí a thábhachtaí atá cur chuige atá bunaithe ar riachtanais amháin chomh maith le tosaíocht a thabhairt ar bhonn prionsabail agus trédhearcach i gcás géarchéimeanna daonnúla. Is díol sásaimh don Chomhairle an ról lárnach atá ag córas na Náisiún Aontaithe, go háirithe Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla agus gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe, maidir le comhordú agus measúnú éifeachtach riachtanas a áirithiú, lena n-áirítear iarrachtaí chun anailís a dhéanamh ar dhéine riachtanas a bheadh inchomparáide ó thaobh géarchéimeanna de, maidir le measúnuithe riachtanas agus pleanáil freagartha a nascadh, agus maidir le cáilíocht a áirithiú trí mhaoirseacht neamhspleách, lena gcuirfear ar chumas deontóirí cistiú a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais.

10. Aithníonn an Chomhairle an luach a bhaineann le cistiú ardcháilíochta, i.e. cistiú ilbhliantúil solúbtha, chun gníomhaíocht dhaonnúil éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú. Le cistiú solúbtha is féidir freagairt ar riachtanais phráinneacha a uas-scálú go tapa agus áirithítear leanúnachas oibríochtúil i ngéarchéimeanna a ndéantar faillí orthu. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún a leibhéil cistithe sholúbtha a mhéadú, a shainítear mar chistiú nach bhfuil curtha in áirithe nó atá curtha in áirithe ar bhealach bog, i gcomhréir le gealltanais an Mhargaidh Mhóir. Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle cácas an Mhargaidh Mhóir maidir le torthaí an chistithe ardcháilíochta ina bhfuil an gealltanas cistiú daonnúil ilbhliantúil a mhéadú 30 %, ag aithint di go bhféadfadh cistiú ilbhliantúil acmhainneacht áitiúil a neartú agus go n-eascraíonn torthaí níos fearr as do na pobail a ndéanann géarchéimeanna difear dóibh, go háirithe i gcás géarchéimeanna fadtréimhseacha.

11. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag gníomhaithe áitiúla agus náisiúnta, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht na n-eagraíochtaí atá faoi stiúir ban, maidir le gníomhaíocht dhaonnúil éifeachtúil a éascú trí ghníomhú mar fhreagróirí túslíne a bheidh i bhfeidhm roimh éigeandálaí, lena linn agus ina ndiaidh. Dá réir sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí áitiúla i gcomhréir le gealltanas an Mhargaidh Mhóir 25 % ar a laghad de chistí daonnúla a chur ar fáil chomh díreach agus is féidir do ghníomhaithe áitiúla nó náisiúnta agus, ag an am céanna, tacú le neartú acmhainní agus rannpháirtíocht fhiúntach chuimsitheach na ngníomhaithe áitiúla sa chinnteoireacht ag gach céim de thimthriall an chláir, agus tugann sí dá haire, agus í buíoch dá réir, an treoir ón gCoimisiún maidir le logánú.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an acmhainneacht a bhaineann le lóistíocht dhaonnúil chun cabhair dhaonnúil níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bhaint amach. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún leas a bhaint as bealaí nuálacha cur chuige chun éifeachtúlacht na gníomhaíochta daonnúla a mhéadú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chreat an Mhargaidh Mhóir. Molann an Chomhairle don earnáil dhaonnúil, lena n-áirítear deontóirí, leanúint de chur chuige straitéiseach maidir le lóistíocht a fhorbairt agus tacú leis.

## III. <u>RIACHTANAIS DHAONNÚLA A LAGHDÚ</u>

13. Measann an Chomhairle gurb é an bealach is éifeachtaí, i ndeireadh na dála, chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil ná leibhéal na riachtanas daonnúil a laghdú. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna ar bhealach inbhuanaithe trí oibríochtú neartaithe an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, ag obair le chéile i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, agus i gcomhréir, *inter alia*, le gealltanais Dhearbhú an Deontóra Dhaonnúil maidir leis an Aeráid agus leis an gComhshaol.

14. Tugann an Chomhairle dá haire gurb í an choinbhleacht armtha an chúis is mó le riachtanais dhaonnúla i gcónaí agus gur gá réitigh pholaitiúla chun deireadh a chur le fulaingt an duine. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí chun coinbhleachtaí a chosc, idirghabháil a dhéanamh agus an tsíocháin a chomhdhlúthú ar bhealach cuimsitheach agus cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá le cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe i leith na taidhleoireachta daonnúla.

15. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus comhlíonadh an dlí sin a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais go comhsheasmhach agus é a chur chun cinn trí na modhanna uile atá ar fáil, agus cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá sé sibhialtaigh a urramú agus a chosaint i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, an spás daonnúil a chaomhnú agus sábháilteacht agus slándáil an phearsanra dhaonnúil a áirithiú. Ina theannta sin, cuireann sí i dtábhacht an gá atá le cuntasacht maidir le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá riachtanais dhaonnúla a sheachaint agus a laghdú trí chur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin lena dtugtar aghaidh ar na bunchúiseanna le géarchéimeanna, infheistíocht a dhéanamh i Laghdú Rioscaí Tubaiste agus in Ullmhacht maidir le Tubaistí agus, ag an am céanna, cur chuige inscne-fhreagrúil a ghlacadh agus trí athléimneacht na ndaoine atá i ngátar a neartú go tráthúil agus, ag an am céanna, bunseirbhísí sóisialta neamh-idirdhealaitheacha a chaomhnú, lena n-áirítear do mhná agus cailíní, go háirithe i ngéarchéimeanna daonnúla fadtréimhseacha agus casta ó thaobh na polaitíochta de. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle go ndéanfaí idirphlé treisithe idir gníomhaithe daonnúla agus gníomhaithe síochána agus forbartha, go háirithe na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, chun cistiú marthanach solúbtha frithghníomhach don fhorbairt a áirithiú le haghaidh cobhsaíochta agus rannpháirtíochta i stáit leochaileacha a ndéanann coinbhleachtaí difear dóibh agus a bhfuil éigeandálaí daonnúla ag bagairt orthu.

17. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis – atá ag méadú de shíor – le riachtanais dhaonnúla é an t-athrú aeráide. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún féachaint an bhféadfaí éifeacht na sreafaí airgeadais uile a uasmhéadú, trí na socruithe cistiúcháin atá ann cheana, chun freagairt níos fearr a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla de dheasca an athraithe aeráide.

18. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé gníomhú in oirchill na nguaiseacha atá tuartha chun géarthionchair dhaonnúla a chosc nó a laghdú sula mbeidh siad ina móréigeandálaí daonnúla. Sa chomhthéacs sin agus i gcomhréir le tionscnamh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Rabhadh Luath do Chách' (EW4All), cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé réamhghníomhaíocht a uas-scálú d'fhonn riachtanais dhaonnúla a laghdú, lena n-áirítear trí shineirgí idir gníomhaithe daonnúla, forbartha agus aeráide a neartú.